Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9038/22**
**ADD 1**

**SAN 264**
**SOC 264**
**MI 384**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 210 final (iarscríbhinn1) |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLMAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE **maidir le feidhmiú Threoir 2011/23/AE i ndáil le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 210 final (iarscríbhinn1).

---

Faoi iamh: COM(2022) 210 final (iarscríbhinn1)

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.5.2022
COM(2022) 210 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLMAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú Threoir 2011/23/AE i ndáil le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm**

{SWD(2022) 200 final}

# IARSCRÍBHINN

## Gníomhaíochtaí leantacha chun cur chun feidhme na Treorach a fheabhsú

| | Cuspóirí | Gníomhaíochtaí | Amlíne Tháscach |
|---|---|---|---|
| *Cearta othar ar chúram sláinte trasteorann a chur chun feidhme ar shlí níos fearr* | | | |
| 1 | **Nósanna imeachta riaracháin a laghdú agus a shimpliú chun rochtain a fháil ar chúram sláinte trasteorann** | - Idirphlé (nua) déthaobhach a eagrú leis na Ballstáit sin chun comhréireacht na nósanna imeachta riaracháin a imscrúdú agus i gcás nach n-áirithítear cinnteacht dhlíthiúil le cóireálacha cúram sláinte a bhfuil réamhúdarú ag teastáil ina dtaobh<br>- Malartú cleachtas idir na Ballstáit maidir le nósanna imeachta a chuíchóiriú chun rochtain a fháil ar chúram sláinte trasteorann trí dhigitiú<br>- Togra le haghaidh Rialacháin chun Spás Sonraí Sláinte Eorpach a chruthú chun an bonneagar seirbhíse digití ríomhShláinte a mhéadú, rud lena n-áirítear sonraí sláinte a úsáid agus a mhalartú go leictreonach, chun tacú le leanúnachas cúraim d'othair trasteorann | 2022-2023 |
| 2 | **Riosca airgeadais a laghdú d'othair** | - Malartú cleachtas idir na Ballstáit maidir le trédhearcacht praghsanna d'othair trasteorann agus maidir leis an leibhéal measta aisíocaíochta (d'fhonn an córas réamhfhógra deonach a chuireann ocht mBallstát i bhfeidhm a leathnú) | 2023 |
| 3 | **Faisnéis d'othair a fheabhsú, feasacht a ardú maidir le cearta othar ar chúram sláinte trasteorann, aitheantas** | - Tacú le ceardlann um fhorbairt eolais agus acmhainne leis na NCPanna chun faisnéis d'othair a fheabhsú<br>- Cur chun feidhme na dtreoirphrionsabal maidir le soláthar faisnéise ar chúram sláinte trasteorann agus an Lámhleabhar Ilteangach d'Othair a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh orthu | 2022<br><br>Ar siúl i gcónaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **dóidís san áireamh** | - Spreagadh a thabhairt do gach NCP faisnéis a chur ar fáil ar na Líonraí Tagartha Eorpacha agus a chinntiú go bhfuil rochtain éasca ar a láithreáin ghréasáin ag daoine faoi mhíchumas<br>- Ócáid ardaithe feasachta a eagrú ar leibhéal an Aontais maidir le cearta othar ar chúram sláinte trasteorann le rannpháirtíocht Ballstát, Pointí Teagmhála Náisiúnta, eagraíochtaí othar, árachóirí sláinte, gairmithe sláinte, ERNanna, agus geallsealbhóirí réigiúnacha i gcúram sláinte trasteorann<br>- Leanúint leis an gcomhar leis na Ballstáit chun idir-inoibritheacht na seirbhísí sláinte leictreonacha a mhéadú, lena n-áirítear ríomh-Oidis, chun feabhas a chur ar aitheantas frithpháirteach d'oidis | Ar siúl i gcónaí<br><br>2023<br><br>ar siúl i gcónaí |
| 4 | **Soiléiriú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an Treoir agus na Rialacháin um Chomhordú Slándála Sóisialta** | - Nóta treorach 2012 maidir leis an Treoir agus Rialachán 883/2004 a nuashonrú le Coimisiún Riaracháin na mBallstát<br>- Ceardlann a eagrú leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta ar threoir nuashonraithe maidir leis an idirghníomhú idir an Treoir agus an Rialachán le rannpháirtíocht eagraíochtaí othar | 2023 -2024 |
| ***Comhar Eorpach i gcúram sláinte trasteorann a neartú: inbhuanaitheacht na Líonraí Tagartha Eorpacha a choimirciú*** | | | |
| 5 | **Feabhas a chur ar chomhtháthú na nERNanna i gcórais sláinte náisiúnta** | - Gníomhaíocht Chomhpháirteach nua a sheoladh maidir le comhtháthú na nERNanna i gcórais náisiúnta cúram sláinte<br>- Tacú le forbairt foinse oscailte chun leagan nua den Chóras Bainistíochta Othar Cliniciúil (CPMS) a chruthú d'fhonn idir-inoibritheacht a áirithiú le córais náisiúnta TF agus iad seo a oiriúnú go héasca | 2023 -2026<br><br>2022-2023 |
| 6 | **Measúnú a dhéanamh ar an sásra/na na sásraí féideartha chun soláthraithe cúraim sláinte a aisíoc as** | - Scéimeanna píolótacha tacaíochta le haghaidh aisíocaíocht pháirteach ar chostais an phainéil CPMS mar chuid de dheontais ERN arna maoiniú ag an gClár EU4Health<br>- Tacú le roghanna féideartha eile a shainaithint maidir le sásraí | 2022-2023<br><br>2023 -2026 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **comhairliúcháin fíorúla le painéil saineolaithe** | aisíocaíochta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus treoirlínte/moltaí comhfhreagracha a fhorbairt mar chuid den Ghníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le hERNanna a chomhtháthú i gcórais náisiúnta cúram sláinte. | |
| 7 | **Bonneagar TF a fheabhsú, feabhsú ar mhaithe le comhairliúcháin phainéil saineolaithe fíorúla ERN san áireamh** | - Tacú le forbairt leagan nua den Chóras Bainistíochta Othar Cliniciúil (lena n - áirítear leagan soghluaiste), ag cur san áireamh na gceachtanna a foghlaimíodh le ceithre bliana anuas agus aiseolas na n-úsáideoirí<br>- Tacú leis na hERNanna agus an leagan nua den Chóras Bainistíochta Othar Cliniciúil á úsáid acu nuair a bheidh sé ar fáil<br>- An tAcadamh ERN fíorúil nua a fhorbairt agus a úsáid, uirlis TF nua a fhorbairt chun an t-eolas agus na hábhair oiliúna go léir a ghineann na 24 ERN a óstáil agus chun tacú le scaipeadh na n-ábhar sin | 2022-2023<br>2023 -2024<br>2022 |
| 8 | **An t-ualach riaracháin a bhaineann le maoiniú ón Aontas Eorpach do na hERNanna a shimpliú tríd an gClár EU4Health** | - An tacaíocht maoinithe reatha AE ilchineálach a chuíchóiriú i ndeontais dhíreacha ERN aonair, faoi réir an buiséad iomchuí a bheith ar fáil ón gclár EU4Health<br>- Staidéar a dhéanamh ar fhéidearthacht an simpliú airgeadais agus ar an gcreat dó atá le tabhairt isteach sna deontais dhíreacha ERN<br>- Maoiniú *Nach bhfuil Nasctha le Costas nó Roghanna Simplithe Costais* a thabhairt isteach do na deontais dhíreacha nua ERN bunaithe ar na torthaí staidéir thuas agus faoi réir mhaoiniú ón gclár EU4Health | 2023<br>2022<br>2023 |
| ***Comhar Eorpach i gcúram sláinte trasteorann a neartú: comhar réigiúnach trasteorann i gcúram sláinte*** | | | |
| 9 | **Comhar réigiúnach i gcúdram sláinte trasteorann a neartú** | - Na Ballstáit a spreagadh le maoiniú ón chlár Interreg, ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus ó CFRE a úsáid chun comhoibriú agus comhordú a dhéanamh maidir le cur chuige straitéiseach a fhorbairt agus maidir le hathchóirithe agus Comhpháirtíochtaí Speisialaithe Cliste i gcúram sláinte thar theorainneacha a chur chun feidhme<br>- Tacú le malartú agus macasamhlú dea-chleachtas idir na Ballstáit le | Ar siúl i gcónaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | maoiniú ón gclár EU4Health<br>- Úsáid an tionscadail[1] B-solutions a chur chun cinn a sholáthraíonn tacaíocht theicniúil speisialaithe chun aghaidh a thabhairt ar chonstaicí teorann maidir le dlí agus riarachán<br>- Feasacht ar NCPanna a chur chun cinn agus a ardú ar leibhéal réigiúnach trí chomharthaíocht a chur ar láithreáin ghréasáin de chuid ardán agus tionscadal chúram sláinte réigiúnach trasteorann<br>- Na Ballstáit agus geallsealbhóirí réigiúnacha a spreagadh chun sonraí a bhailiú d'fhonn faireachán a dhéanamh ar shreabha othar chun tuiscint níos fearr a fháil ar mhéid an chúraim shláinte trasteorann i réigiúin teorann | 2023 -2024<br>Ar siúl i gcónaí<br>2022 |
| ***Faireachán agus forfheidhmiú a neartú*** | | | |
| 10 | **Tuairisciú sonraí ar chúram sláinte trasteorann a fheabhsú** | - Lámhleabhar ilteangach ar cheistneoir a dhéanamh chun comhsheasmhacht maidir le bailiú sonraí sna Ballstáit ar shoghluaisteacht othar a fheabhsú<br>- Idirphlé déthaobhach leis na Ballstáit chun teacht ar réitigh chun iomláine agus stóinseacht sonraí a fheabhsú mar a cheanglaítear leis an Treoir (alt 20) | 2022<br>Ar siúl i gcónaí |
| 11. | **Leas iomlán a bhaint as an gcreat dlíthiúil reatha ar mhaithe le cúram sláinte trasteorann** | - Idirphlé déthaobhach struchtúrtha leis na Ballstáit chun an trasuí is fearr is féidir a dhéanamh ar an Treoir (féach gníomhaíochtaí maidir le nósanna imeachta riaracháin díréireacha)<br>- Caingne forfheidhmiúcháin i gcásanna neamhchomhlíonta (tá cásanna um shárú ar feitheamh faoi láthair i gcoinne trí Bhallstát maidir le rátaí aisíocaíochta níos ísle)<br>- Athbhreithniú a dhéanamh d'fhéachaint an féidir reachtaíocht an AE atá | Ar siúl i gcónaí<br>Ar siúl i gcónaí |

[1] https://www.b-solutionsproject.com/

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ann cheana a chur chun feidhme maidir le seirbhísí teilileighis[2] | 2024 |

[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:52012SC0414